

Leasuithe ar an *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015-2019* do na Pobalscoileanna Náisiúnta

Intreoir:

Foilsíodh an *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna* san Fhómhar 2015 beidh sé infheidhme don tréimhse 1 Nollaig 2015 go 30 Samhain 2019.

Leanfaidh an *Lámhleabhar Rialachais* d'fheidhm a bheith aige maidir le Pobalscoileanna Náisiúnta faoi réir na leasuithe/soiléirithe a leagtar amach sa doiciméad seo. Foilseofar an doiciméad ar shuíomh gréasáin na Roinne agus déanfar é a uasdátú mar is gá.

Ba cheart an doiciméad a léamh in éineacht leis an *Lámhleabhar Rialachais* agus ní ceart a mheas gur liosta uileghabhálach é de na hathruithe sonraithe a theastaíonn i ndáil leis.

Ba cheart anois an *Lámhleabhar Rialachais* a léamh ar an mbonn gurbh é an BOO an fostóir, seachas an Bord Bainistíochta.

Cuirfidh na BOOna ábhartha tacaíocht agus treoir riaracháin ar fáil le tacaíocht a thabhairt chun trasdul réidh na bPobalscoileanna Náisiúnta chuig earnáil an BOO a éascú. Chun comhsheasmhacht a chinntiú, má bhíonn ceisteanna ag BOOna maidir le Pobalscoileanna Náisiúnta ba cheart dóibh teagmháil a dhéanamh leis an BOOE. Má bhíonn ceist ann i dtaobh infheidhmeacht Chiorcláin na Roinne i ndáil le Pobalscoileanna Náisiúnta, ba cheart an cheist a tharchur, sa chéad dul síos, chuig an BOOE.

Beidh an *Lámhleabhar Rialachais* le hathbhreithniú don chéad uair eile le linn 2019 don tréimhse 1 Nollaig 2019 go 30 Samhain 2023. Tabharfaidh sé sin deis chun na socruithe maidir le Pobalscoileanna Náisiúnta a léiriú sa *Lámhleabhar Rialachais* foilsithe.

Idir an dá linn, seo thíos liosta neamh-uileghabhálach de na leasuithe is mó sa *Lámhleabhar Rialachais* a eascraíonn ó thraschur phátrúnacht na bPobalscoileanna Náisiúnta chuig earnáil an BOO.

A: Ailt sa *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna nach bhfuil infheidhme a thuilleadh:*

1. Réamhfhocal agus foramharc ar ról an Bhoird Bainistíochta - An Bord mar Fhostóir: Cuireadh isteach ionad dár teideal An BOO mar Fhostóir, in áit an aonaid seo.
2. Alt 21(f) Airgeadas – Duine a fhostú i gcáil phríobháideach agus
3. Alt 23 Ceapachán gach fostaí de chuid an Bhoird Bhainistíochta

B: Ailt atá le huasdátú:

1. Alt 12 An Cisteoir, agus
2. Alt 21 Airgeadas.

Déanfar na hAilt seo den Lámhleabhar Rialachais a uasdátú chun na socruithe airgeadais a leagtar amach sa *Meabhrán Tuisceana i ndáil le traschur phátrúnacht Phobalscoileanna Náisiúnta* a léiriú. Leanfar le deontais a íoc isteach i gcuntais bainc na bPobalscoileanna Náisiúnta mar is gnách, go dtí go dtabharfar na socruithe nua airgeadais chun críche. Mar sin féin, go dtí go ndéanfar na hAilt thuasluaite a uasdátú, níor chóir don Bhord Bainistíochta Cisteoir a thoghadh. Maidir le tiomsú airgid, rinneadh comhaontú aon airgead a thiomsaigh scoil trí thiomsuithe airgid a imfhálú le haghaidh úsáid na scoile sin.

Ba chóir freisin a thabhairt faoi deara maidir le hÁrachas go bhfuil an BOO ábhartha freagrach as a chinntiú go bhfuil socruithe iomchuí árachais ann do gach Pobalscoil Náisiúnta faoina phátrúnacht. I gcás go bhfuil suíomh ar cíós ag BOO ar son Pobalscoil Náisiúnta, tá an BOO freagrach as Árachas Dliteanas Fostóra agus Árachas Inneachair agus Árachas Dliteanais Phoiblí. Is é an tiarna talún, nó mar a dheimhnítear de réir an léasa ábhartha atá i bhfeidhm i ndáil leis an suíomh, atá freagrach as árachais eile.

C: Ailt sa Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna a ndearnadh uasdátú orthu:

1. Réamhfhocal agus foramharc ar ról an Bhoird Bainistíochta:

Ní dhearnadh an tAlt seo a uasdátú ach amháin sa chás gur ghá ról an BOO mar fhostóir a léiriú. Beidh an Bord Bainistíochta i scoil BOO go fóill freagrach as ceisteanna nach mbaineann le fostaíocht m.sh. polasaithe scoile, cosaint leanaí, pleanáil scoile srl.

Mar sin de cuireadh an téacs seo thíos in ionad An Bord mar Fhostóir.

An BOO mar Fhostóir

Is é an BOO an comhlacht corpraithe do gach scoil a chuirtear ar bun, nó a dhéantar a chothabháil faoina phátrúnacht, de réir Sceideal 3 an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Cé gurb é an BOO an comhlacht corpraithe do gach scoil, coláiste agus ionad a chuirtear ar bun agus a dhéantar a chothabháil faoina phátrúnacht, tarmligeann BOOna go leor feidhmeanna agus freagrachtaí bainistíochta do Bhoird Bhainistíochta a cuireadh ar bun mar choistí an BOO de réir Ailt 44 an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Níl Bord Bainistíochta Phobalscoil Náisiúnta faoi phátrúnacht BOO ina fhostóir do bhaill foirne sa scoil. De réir Ailt 6 an Achta um Oideachais (Leasú), 2012, is faoin BOO é Príomhoide, múinteoirí agus baill foirne eile a fhostú i scoil a chuirtear ar bun, nó atá á cothabháil ag BOO. Ní mór gach ceapachán a bheith de réir foráil reachtúil, chiorcláin ábhartha na Roinne agus comhaontuithe fostaíochta agus earnálacha.

Leanfaidh d'fheidhmiú nósanna imeachta le haghaidh earcú agus ceapadh múinteoirí, príomhoidí agus CRSanna (mar a leagtar amach iad in Aguisín D, E agus H sa Lámhleabhar Rialachais) maidir le Pobalscoileanna Náisiúnta. Anois áfach, ba chóir iad a léamh ar an mbonn gurb é an BOO an fhostóir, seachas an Bord Bainistíochta. Leanfar den bhallaíocht chéanna ar na boird agallaimh roghnúcháin i bPobalscoileanna Náisiúnta in earnáil an BOO, mar a leagtar amach in Aguisíní an Lámhleabhair Rialachais. Déanfaidh an bord roghnúcháin moladh maidir le ceapacháin agus, ós rud é gur gnó feidhmiúcháin é ceapacháin, déanfaidh an POF na ceapacháin a dheimhniú.

Is faoi scéim ábhartha an BOO a cheaptar gach ball foirne BOO, seachas scoil, coláiste nó ionad BOO ar leith.

Tá an BOO, mar fhostóir, freagrach as na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh faoi Achtanna 2012 go 2016 um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta). Léiríonn ciorclán 0031/2016 na Roinne “Tús leis na Ceanglais Reachtúla le haghaidh Ghrinnfhiosrúcháin Gharda” na ceanglais reachtúla a bhfuil feidhm acu maidir le húdarais scoile ó 29 Aibreán 2016, mar aon leis na socrúithe praiticiúla a bheidh i bhfeidhm maidir le grinnfhiosrúcháin múinteoirí cláraithe, baill foirne nach múinteoirí iad, agus eile. Ar an 29 Aibreán 2016 agus ina dhiaidh, gabhann Ciorclán 0031/2016 in ionad Chiorclán 0063/2010 agus Chiorclán 26/2015, araon.

- 2. Intreoir agus forbheathnú ar ról an Bhoird Bainistíochta – Oiliúint do Bhoird:**
Ba chóir do Bhoird Bainistíochta teagmháil a dhéanamh leis an BOO ábhartha i gcomhair faisnéise maidir le hoiliúint agus comhairle atá ar fáil i dtaca le gnóthaí Boird.
- 3. Alt 18 Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise:** Tá Pobalscoileanna Náisiúnta faoi Phátrúnacht na BOOna agus dá bhrí sin níl siad díolmhaithe a thuilleadh faoi Achtanna SF.
- 4. Alt 26 Treoirlínte Sláinte agus Sábháilteachta:** Tá an BOO, mar fhostóir, agus an Bord Bainistíochta, mar choiste an BOO, freagrach as, a mhéid is féidir sin go praiticiúil, sláinte agus sábháilteacht fhoireann na scoile ag an obair, agus sláinte agus sábháilteacht na ndaoine a ndéanann gnóthaí scoil BOO difear dóibh ar aon slí, a chinntiú.
- 5. Alt 27 Soláthar Earraí agus Seirbhísí:** Ba chóir do Phobalscoileanna Náisiúnta a thabhairt dá n-aire gur chóir teagmháil a dhéanamh leis an BOO ábhartha i gcomhair comhairle agus treoir maidir le soláthar.
- 6. Alt 28 An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014:** Ní foláir do gach BOO Polasaí um Nochtadh faoi Chosaint a chur i bhfeidhm agus socrúithe iomchuí a bheith i bhfeidhm aige chun glacadh le nochtuithe óna fhostaithe.
- 7. Alt 29 Clárú gach scoile leis an Údarás Rialála Carthanas:** Ní gá níos mó do Phobalscoileanna Náisiúnta clárú astu féin leis an Údarás Rialálú Carthanachta mar go gcuimsíonn clárú na BOOna ábhartha gach scoil atá faoina bpátrúnacht.
- 8. Alt 30 Bainistíocht Fuinnimh sna Scoileanna:** Tá gach BOO freagrach as tuarascáil bhliantúil faoi úsáid fuinnimh i ngach ceann dá scoileanna a chur faoi bhráid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), go díreach.

D: Ailt a mbeidh faoi réir fhaomhadh an BOO ábhartha:

- 1. Réamhfhocail agus foramharc ar ról an Bhoird Bainistíochta – Bainistíocht Acmhainní:** Beidh gach mórdheisiú nó mórathrú ar áitreabh scoile faoi réir fhaomhadh an BOO ábhartha agus déanfar iad faoi threoir an BOO ábhartha.
Ba chóir an fhoirm Daonáireamh Bliantúil Scoileanna a bheith sínithe ag Príomhoide na Scoile agus ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (nó a Oifigeach ainmnithe) ar aon, sula gcuirfear isteach chuig an Roinn í.

2. **Alt 20 Úsáid as áitreabh na scoile:** Déanfaidh an BOO doiciméad beartais a ullmhú, i gcomhairle leis an mBord Bainistíochta, a rialaíonn úsáid na scoile chun críche an chomhphobail. Ba chóir go gcuireann an doiciméad seo san áireamh gach ceist chostais (díreach/indíreach) agus ceanglais árachais. Déanfaidh an BOO aon ioncam a ghintear a imfhálú le bheith le húsáid na scoile.
3. **Alt 24 Foirm um athrú foirne:** Ní mór don BOO ábhartha an fhoirm seo a fhaomhadh.
4. **Alt 25 Córas Éilimh Ar-Líne (CEAL):** Ní mór don BOO ábhartha gach éileamh a fhaomhadh. Tá sé tábhachtach go mbíonn nósanna imeachta ann lena chinntiú go ndéanfar ionchur agus faomhadh neamhláithreachta agus éileamh in am is i dtráth chun spriocdhátaí párolla a chomhlíonadh.

E: Soiléirithe:

1. Ba chóir go dtuigeadh Pobalscoileanna Náisiúnta go gcuimseofaí freisin tagairt do *'na leasuithe ar an Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015-2019 do na Pobalscoileanna Náisiúnta'* in aon tagairtí sa Lámhleabhar Rialachais do *'de réir an Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015-2019'*.
2. Beidh comhdhéanamh Boird Bainistíochta agus nósanna imeachta maidir le toghchán agus ainmniúchán baill Boird Bainistíochta sna Pobalscoileanna Náisiúnta mar a chéile le comhdhéanamh Boird Bainistíochta i ngach bunscoil, mar a leagtar amach i nAilt 3 agus 4 an Lámhleabhar Rialachais 2015-2019. Mar sin féin, ós rud é gur coiste é Bord Bainistíochta Pobalscoil Náisiúnta, a bunaíodh de réir ailt 44(10) an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, ní mór don BOO toiliú a fháil ón Aire maidir le cathaoirleach a cheapadh don Bhord Bainistíochta.
3. Dearbhaíonn Alt 44(18) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 ... *'beidh gníomhartha gach coiste a bhunaítear faoin alt seo ... faoi réir fhaomhadh an bhoird oideachais agus oiliúna a bhunaigh é, ach amháin i gcás go n-ordóidh an tAire a mhalairt'*. I ndáil leis seo, ordaíonn an tAire nach bhfuil an faomhadh seo de dhíth i gcás Bord Bainistíochta Pobalscoil Náisiúnta san earnáil BOO ar choinníoll:
 - a) Go bhfuil téarmaí tagartha curtha ar fáil go foirmiúil ag an BOO (le rún ón BOO) don Bhord Bainistíochta Pobalscoil Náisiúnta agus go bhfuil an Bord Bainistíochta Pobalscoil Náisiúnta ag feidhmiú de réir na dtéarmaí tagartha seo. Is leor an Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015-2019 (de réir na leasuithe/ soiléirithe a leagtar amach sa doiciméad seo maidir le Pobalscoileanna Náisiúnta) mar théarmaí tagartha; agus
 - b) Go gcuireann Rúnaí Bhord Bainistíochta na Pobalscoile Náisiúnta cóip de dhréacht-mhiontuairiscí faoi imeachtaí cruinniú boird chuig an BOO ábhartha, mar aon le cóip de na miontuairiscí a glacadh ag an gcruinniú boird roimhe sin.